TÁ GACH DUINE Á DHÉANAMH

CLÁRAIGH LE VÓTÁIL ANOIS

IARRATAS AR CHLÁRÚ
Clár na dToghthóirí

Tá Clár na dToghthóirí á ullmhú anois don bhliain seo chugainn. Comhlánaigh an fhoirm seo agus seol ar ais LÁITHREACH í lena chinntiú go mbeidh tusa agus baill do theaghlaigh cláraithe.

NÓTAÍ

A. DÉAN CINNTE GO LUAFAIDH TÚ:

- Gach duine a bhfuil 18 mbliana slánaithe acu atá ina gcónaí ag do sheoladh;
- Daoine atá 17 bliana d'aois agus a shlánóidh aois 18 mbliana faoin 15 Feabhra seo chugainn;
- Duine ar bith a bhfuil gnáthchónaí air/uirthi ag do sheoladh atá i dteideal vóta a chaitheamh ach atá seal as baile.

B. NÁ LUAIGH:

- Cuairteoir atá ag cur faoi seal ag do sheoladh.

C. SAORÁNACHT

Cé go bhfuil gach cónaitheoir i dteideal a bheith cláraithe, caithfidh fios a bheith ag an údarás clárúcháin (do chathair, comhairlí contae nó cathrach agus contae) ar shaoránacht duine chun na toghcháin a mbeidh an duine sin ann vótáil iontu a chinneadh.

Is mar a leanas an ceart vóta a chaitheamh:

Is féidir le **saoránaigh de chuid na hÉireann** vóta a chaitheamh i ngach toghchán agus i ngach reifreann; Is féidir le **saoránaigh de chuid na Breataine** vóta a chaitheamh i dtoghcháin Dála, i dtoghcháin Eorpacha agus i dtoghcháin áitiúla; Is féidir le **saoránaigh de chuid an AE** (seachas saoránaigh de chuid na hÉireann agus na Breataine) vóta a chaitheamh i dtoghcháin Eorpacha agus i dtoghcháin áitiúla; Is féidir le **saoránaigh ó thíortha lasmuigh den AE** vóta a chaitheamh i dtoghcháin áitiúla.

D. DHÁ LEAGAN DEN CHLÁR

Ceanglaítear ar údaráis chlárúcháin dhá leagan den chlár a fhoilsiú – an clár iomlán agus an clár atheagraithe. Sa chlár iomlán, liostaítear gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh agus ní féidir é a úsáid ach chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile.

AN CLÁR ATHEAGRAITHE

Beidh ainmneacha agus seoltaí na ndaoine ar féidir a gcuid sonraí a úsáid chun críocha eile seachas críocha toghcháin nó críocha reachtúla, m.sh. do dhírmhargaíocht ag eagraíocht trádála nó ag eagraíocht eile, ar an gclár atheagraithe.

Mura mian le haon duine den teaghlach a bheith curtha ar an gclár atheagraithe, ba chóir duit tic a chur sa bhosca rogha an diúltaithe cuí i gcolún (v) i gcuid a 3 den fhoirm.

E. TUILLEADH EOLAIS

Tá tuilleadh eolais ar an gclár agus ar an bhforlíonadh leis an gclár le fáil sa bhileog eolais "Clár na dToghthóirí" ag www.environ.ie

IARRATAS AR IONTRÁIL AINMNEACHA I gCLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ (úsáid BLOCLITREACHA agus PEANN GRÁNBHIORACH le do thoil)

1. Seoladh poist iomlán na háite cónaithe:

EIRCODE:

2. An bhfuil aon teaghlaigh/árasáin eile ag uimhir 1 lastall?

Tá ☐ Níl ☐

3. Liostaigh sa tábla thíos gach duine atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn nó a shlánóidh aois 18 mbliana faoin 15 Feabhra seo chugainn a bhfuil gnáthchónaí air/uirthi ag an seoladh lastall. Tabhair na sonraí is gá maidir le gach duine.

Mura mian le haon duine atá liostaithe a bheith curtha ar an gclár atheagraithe, cuir tic freisin sa bhosca/sna boscaí rogha an diúltaithe cuí. Ba chóir don té a chomhlánaíonn an fhoirm seo seiceáil le daoine eile sa teaghlach maidir le bheith ar an gclár atheagraithe. (féach nóta D).

(i) SLOINNE	(ii) AINM(NEACHA)	(iii) DÁTA BREITHE (LL MM BB)	(iv) SAORÁNACHT Cuir tic le do thoil más Éireannach nó ón mBreatain tú (luaigh saoránacht gach duine eile más ó thír eile san AE/nó Neamh-AE iad)				(v) ROGHA AN DIÚLTAITHE DON CHLÁR ATHEAGRAITHE (féach nóta D)
			Éireannach	Ón mBreatain	Tír eile san AE	Tír Neamh-AE	

4. Más i rith na bliana seo caite a chuir aon duine atá liostaithe thuas faoi ag an sheoladh thuas, tabhair ainm agus seanseoladh an duine sin.

5. **Dearbhú:** Creidim gur fíor é an t-eolas a thugtar thuas.
Is cion é gan aon eolas is gá chun críocha a dhualgais a thabhairt don údarás clárúcháin nó eolas bréige a thabhairt.

Síniú

Uimhir fóin i rith an lae/phóca/ríomhphost

Dáta

Nuair a chomhlánfar an fhoirm seo, srac den bhileog í. Séalaigh í, agus seol chuig an údarás clárúcháin a bhfuil a sheoladh ar chúl í. **Níl gá le stampa ná le clúdach.**

Níl gá le stampa

Comhairle Chontae Laoise
Áras an Chontae
Portlaoise
Saorphoist
Contae Laoise
R32 EHP9

Priontáilte ar pháipéar athchúrsáilte